



Scéim Teanga 2020-2023

*Faoi Alt 11 d'Acht na dTeangacha
Oifigiúla 2003*

Clár na nÁbhar

Leathanach

Caibidil 1. Réamhrá / Cúlra	3
1.1 Scéim a Ullmhú	3
1.2 Cuspóir na Scéime	3
1.3 Dáta Tosaithe na Scéime	4
Caibidil 2. Forléargas ar an Údarás Árachais Sláinte	5
2.1 Misean agus Cuspóirí	5
2.2 Príomhfheidhmeanna	6
2.3 Struchtúr na hEagraíochta	7
2.4 Príomhsheirbhísí	7
2.5 Custaiméirí agus Cliaint	8
Caibidil 3. Sonraí na Seirbhísí arna soláthar ag an Údarás Árachais Sláinte faoi láthair	9
Caibidil 4. Réimsí le haghaidh Feabhas a chur ar Sholáthar Seirbhísí	10
Caibidil 5. Cumas Teanga a Fheabhsú	11
5.1 Earcaíocht	11
5.2 Oiliúint & Forbairt	11
Caibidil 6. Monatóireacht agus Athbhreithniú	12
Caibidil 7. An Scéim Chomhaontuithe a Phoibliú	13

Cuid 1 Réamhrá agus Cúlra

Is í seo an chéad Scéim Teanga arna hullmhú ag an Údarás Árachais Sláinte ("an tÚdarás") faoi Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 ("dá ngairtear an tAcht anseo ina dhiaidh seo").

Forálann Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 d'ullmhú scéim teanga ag comhlachtaí poiblí ag tabhairt mionsonraí faoi na seirbhísí a sholáthróidh siad

- trí mheán na Gaeilge,
- trí mheán an Bhéarla, agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla.

Leagtar amach sa scéim na bearta a ghlacfar lena chinntiú go ndéanfar aon seirbhís nach bhfuil an comhlacht ag soláthar trí mheán na Gaeilge a sholáthar laistigh de thréimhse ama comhaontaithe.

1.1. Scéim a Ullmhú

D'fhorbair an tÚdarás Árachais Sláinte an Scéim ag féachaint do na Treoirlínte a d'ullmhaigh an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta faoi Alt 12 den Acht agus go háirithe go mbeadh soláthar seirbhísí sa Ghaeilge bunaithe ar an méid seo a leanas:

- **An leibhéal bunúsach éilimh ar sheirbhísí ar leith sa Ghaeilge i gcomhthéacs soláthar dearfach**
- **Acmhainní, lena n-áirítear acmhainní daonna agus airgeadais, agus cumas an chomhlachta phoiblí an cumas teanga riachtanach a fhorbairt nó a rochtain.**

De réir Alt 13(1)(a) den Acht, d'fhoilsigh an tÚdarás fógra á rá go raibh sé ar intinn aige dréacht-Scéim a ullmhú. Foilsíodh an fógra ag tabhairt cuireadh d'aighneachtaí sa nuachtán Gaeilge ar líne, www.tuairisc.ie, chomh maith le ar láithreán gréasáin an Údaráis www.hia.ie an Iúil 21 2020. Tugadh aird freisin ar thuairimí fhoireann an Údaráis. Fuarthas aighneacht amháin ó duine príobháideach. Ba é fócas na haighneachta gur cheart don Údarás cainteoir Gaeilge a fhostú agus gur chóir go mbeadh an suíomh Gréasáin ar fáil i nGaeilge. Tá an tÚdarás buíoch as am agus iarracht na ndaoine sin a ghlac páirt sa phróiseas seo.

1.2 Cuspóir na Scéime

Is é príomhchuspóir na scéime seo ná beartais agus cleachtas reatha an Údaráis a chomhdhlúthú agus a fheabhsú maidir le seachadadh a seirbhísí i nGaeilge. Forbraíodh an scéim seo chun cur chuige caighdeánach a leagan síos ag an Údarás chun a chuid oibleagáidí maidir leis an nGaeilge a chomhlíonadh, agus an méid is praiticiúil agus is féidir a bhaint amach sna trí bliana atá romhainn á chur san áireamh.

Le bunú pearsanra d'aon duine déag, ní féidir soláthar seirbhísí Gaeilge i ngach réimse oibre a chur ar fáil i gcónaí. Ach tá an tÚdarás tiomanta do sholáthar seirbhísí trí Ghaeilge a fheabhsú de réir fhorálacha an Achta.

1.3 Dáta Tosaithe na Scéime

Dhaingnigh an tAire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta an scéim seo agus tosaíonn sí le héifeacht ó Deireadh Fómhair 1 2020 Beidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana ón dáta sin nó go dtí go mbeidh scéim eile daingnithe ag an Aire de bhun Alt 15 den Acht, cibé acu is déanaí.

Caibidil 2: Forléargas ar an Údarás Árachais Sláinte

Bunaíodh an tÚdarás le hOrdú ón Aire an 1 Feabhra 2001 faoin Acht Árachais Sláinte, 1994 agus feidhmíonn sé de réir fhorálacha an Achta sin agus na nAchtanna Árachais Sláinte (Leasú) ("na hAchtanna Árachais Sláinte" is teideal dóibh le chéile).

Bunaíodh an tÚdarás mar rialtóir neamhspleách don mhargadh árachais sláinte príobháideach in Éirinn. Agus an ról seo á chomhlíonadh aige, d'fhorbair an tÚdarás a phlean oibre chun fíis, misean agus luachanna a áireamh.

2.1 Misean agus Cuspóirí

Ráiteas Misin

“Chun oibriú ar son leas an phobail trí thacaíocht a thabhairt do rátáil pobail, clárú oscailte agus cumhdach saoil i margadh árachais sláinte iomaíoch deonach.”

Ráiteas Físe

“A bheith aitheanta mar rialtóir neamhspleách éifeachtach, agus foinse údarásach eolais agus comhairle maidir le margadh árachais sláinte na hÉireann.”

Croíluachanna

Ghlac an HIA luachanna le cur i bhfeidhm ina chuid gníomhaíochtaí. Is iad seo a leanas luachanna an Údaráis:

- gníomhú le neamhspleáchas, neamhchlaontacht agus ionracas;
- oibriú ar bhealach gairmiúil agus éifeachtach;
- a bheith mar chaomhnóir iontaofa ar shócmhainní faoina bhainistíocht;
- dul i ngleic go gníomhach le páirtithe leasmhara agus a bheith fáilteach maidir le smaointe agus moltaí nua ó gach foinse;
- a bheith réamhghníomhach agus nuálaíoch ina chur chuige;
- trédhearcacht a choinneáil i ngach ceann dá ghníomhaíochtaí; agus
- meas a bheith aige ar na daoine.

Aithníonn an tÚdarás an tábhacht a bhaineann lena fhís, a mhisean agus a luachanna maidir le caighdeán arda agus soláthar seirbhíse ardchaighdeán a chothabháil.

2.2 Príomhfheidhmeanna

Tá príomhchuspóir na nAchtanna Árachais Sláinte leagtha amach sa reachtaíocht mar seo a leanas:

“Is é príomhchuspóir an Achta seo a chinntiú go bhfuil, ar mhaithe le leas an phobail agus ar fud an mhargaidh árachais sláinte, rochtain ar chumhdach árachais sláinte ar fáil do thomhaltóirí seirbhísí sláinte gan aon idirdhealú á dhéanamh eatarthu (cibé acu is trí chreidmheasanna um chothromú fiontar nó trí bhearta dleachta stampa nó trí bhearta eile, nó trí aon teaghlaim díobh sin a chuirtear in éifeacht é), go háirithe maidir le costais seirbhísí sláinte, bunaithe go hiomlán nó go páirteach ar stádas fiontar sláinte, ar aois nó ar ghnéas, aon tomhaltóirí den sórt sin nó aon aicme tomhaltóirí den sórt sin nó ar cé chomh minic a dhéantar seirbhísí sláinte a sholáthar don chéanna, agus á chur i gcuntas go háirithe chun críocha an chuspóra sin:

(a) go méadaíonn ar riachtanais sláinte tomhaltóirí seirbhísí sláinte de réir mar is laige sláinte iad, lena n-áirítear de réir mar a dhruideann an tseanaois leo agus a thagann an tseanaois orthu,

(b) a inmhianaithe atá sé a chinntiú, ar mhaithe leis an dlúthpháirtíocht sochaí agus idirghlúine, agus gan féachaint do stádas fiontar sláinte, nó d’aois, aon ghlúine ar leith (ná aon chuid di) nó do cé chomh minic a dhéantar seirbhísí sláinte a sholáthar don chéanna, go ndéanfadh daoine árachaithe ualach costas seirbhísí sláinte a chomhroinnt eatarthu trí shocrú a dhéanamh maidir le fóirdheontas costais idir na daoine is láidre sláinte agus na daoine is laige sláinte, lena n-áirítear idir daoine óga agus daoine aosta, agus, gan dochar do ghinearáltacht an chuspóra sin, go mbeidh rochtain, go háirithe, ag na daoine is laige sláinte, lena n-áirítear daoine aosta, ar chumhdach árachais sláinte trí chreidmheasanna um chothromú fiontar,

(c) an modh ina n-oibríonn an margadh árachais sláinte i leith conarthaí árachais sláinte, i ndáil le gnóthais chláraithe aonair agus ar fud an mhargaidh, agus

(d) a thábhachtaí atá sé gnóthais chláraithe a chur ó bheith ag gabháil do chleachtais, nó ó chonarthaí árachais sláinte a thairiscint, cibé tríd an margadh árachais sláinte a dheighilt (trí cibé sás) nó ar shlí eile, a mbeidh mar chuspóir acu nó mar éifeacht leo fabhar a thabhairt do chumhdach a dhéanamh ag na gnóthais ar fhiontair árachais sláinte na ndaoine is láidre sláinte lena n-áirítear daoine óga, ar chumhdach a dhéanamh ar fhiontair árachais sláinte na ndaoine is laige sláinte, lena n-áirítear daoine aosta.”

Ciallaíonn ‘rátáil phobail’ bearta a bhfuil feidhm acu, cibé acu go hiomlán nó go páirteach, i dtaca leis an bpríomhchuspóir a ghnóthú.

Is iad seo a leanas príomhfheidhmeanna an Údaráis:

- Monatóireacht a dhéanamh ar mhargadh an árachais sláinte agus comhairle a chur ar an Aire (ar a iarraidh nó ar a thionscnamh féin) ar chúrsaí a bhaineann le hárachas sláinte;
- Monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na nAchtanna Árachais Sláinte agus, nuair is cuí, fógraí forfheidhmiúcháin a eisiúint chun comhlíonadh na nAchtanna a fhorfheidhmiú nó ionchúisimh a ghlacadh;

- Feidhmeanna áirithe a dhéanamh i ndáil le cothromú riosca, lena n-áirítear an Ciste um Chothromú Riosca a bhainistiú agus a riaradh;
- Cibé beart a mheasann sé is cuí a dhéanamh chun feacht an phobail a mhéadú maidir lena gcearta mar thomhaltóirí árachais sláinte agus na seirbhísí árachais sláinte atá ar fáil dóibh; agus
- "Clár na nGnóthas Sochair Sláinte" agus "Clár na gConarthaí Árachais Sláinte" a chothabháil.

Cuirfidh an tÚdarás cibé cumhachtaí is gá i bhfeidhm chun a chuid feidhmeanna a chomhlíonadh. Féadfaidh an tAire Sláinte ("an tAire") tuilleadh freagrachtaí a shannadh don Údarás mar a fhoráiltear sna hAchtanna.

2.3 Struchtúr na hEagraíochta

Foireann

Tá líon iomlán foirne de 11 ag an Údarás. Tá oifigí an Údaráis Árachais Sláinte lonnaithe i dTeach Lána Beaux, Sráid Mercer Íochtarach, Naomh Peadar, Baile Átha Cliath.

An Bord

Tá Bord an Údaráis comhdhéanta de 7 chomhalta lena n-áirítear Cathaoirleach – arna cheapadh ag an Aire Sláinte ar feadh téarma suas go dtí 5 bliana. Faoi láthair, tá 3 chomhalta den Bhord ag freastal ar Choiste Iniúchta an Údaráis.

2.3 Príomhsheirbhísí

- Comhlíonadh árachóirí sláinte sa mhargadh a chinntiú
- Comhairle agus eolas do thomhaltóirí
- Taighde a dhéanamh agus tuairisciú chuig an Aire/Roinn Sláinte maidir le hábhair a bhaineann leis an margadh árachais sláinte príobháideach.

2.4 Custaiméirí agus Cliant

Is é príomh-chustaiméirí an Údaráis ná an pobal i gcoitinne a bhfuil dualgas cúraim ar leith aige ina leith chun muintir an phobail a chur an eolas faoin a gcearta mar thomhaltóirí

árachais sláinte. Bíonn idirchaidreamh ag an Údarás le hinstitiúidí agus le gníomhaireachtaí eile chomh maith, mar shampla;

- An tAire agus an Roinn Sláinte
- Gnóthais Chláraithe (Árachóirí Sláinte)
- An Státseirbhís
- Ar chóir aon chomhlachtaí eile a chur leis an liosta seo

Caibidil 3: Sonraí na seirbhísí arna soláthar i mBéarla nó go dátheangach faoi láthair

Sonraí na seirbhísí atá á soláthar faoi láthair i mBéarla amháin nó go dátheangach i nGaeilge agus i mBéarla; lena n-áirítear seirbhísí i gceantair Ghaeltachta, más infheidhme.

Soláthar Seirbhísí faoi láthair		
Seirbhísí (Ginearálta)	I mBéarla amháin	Go dátheangach, i mBéarla agus i nGaeilge
Seirbhís Chomhairleach do Thomhaltóirí	✓	
Eolas do Thomhaltóirí (bileoga)		✓
Láithreán Gréasáin Comparáide & Na Meáin Shóisialta	✓	
Foilsíú Tuarascáil Bliantúil		✓
Cinn Litreach & Stáiseanóireacht		✓
Comharthaíocht		✓
Fógraí Béal		✓
Cumarsáid ar Ríomhphoist (Séanadh)		✓

Caibidil 4: Réimsí le haghaidh feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí

Tabharfaidh an tÚdarás Árachais Sláinte faoi na liostaí gníomhartha seo a leanas faoi gach seirbhís.

Modh cumarsáide leis an bpobal		Gealltanais	Am líne faoi dheireadh BI 1/ BI 2 / BI 3
Cumarsáid ó Bhéal/I Scríbhinn	Fáiltiú	Tabharfaidh an fhoireann fáiltithe ainm an Údaráis Árachais Sláinte go dátheangach agus beidh eolas acu ar na beannachtaí bunúsacha i nGaeilge	BI 1
	Seirbhís Duine le Duine/Chuntair	Beidh beannachtaí bunúsacha i nGaeilge ar eolas ag an bhfoireann	BI 1
	Lasc-chlár	Tabharfaidh an fhoireann ainm an Árachais Sláinte go dátheangach agus beidh eolas acu ar na beannachtaí bunúsacha i nGaeilge.	BI 1
	Cumarsáid theileafóin leis an bpobal	Cuirfidh an tÚdarás Árachais Sláinte treoir ar fáil don fhoireann maidir le glaonna teileafóin ó lucht na Gaeilge sa phobal i gcoitinne a láimhseáil. Cuirfear fáilte roimh chustaiméirí i nGaeilge ar dtús agus ansin i mBéarla.	BI 2
	Fógraí Taifeadta ó Bhéal	Dátheangach faoi láthair	
	Fógraí beo	Níl infheidhme	
	Bileoga Eolais/ Bróisiúir	Tá bileoga faisnéise ar fáil go dátheangach faoi láthair	
Na Meáin	Preiseisiúintí	Eiseofar preaiseisiúintí a bhaineann le saincheisteanna Gaeilge ag an am céanna go dátheangach. Ina theannta sin, eiseofar 25% de na preaiseisiúintí réamhphleanáilte ar an mbealach céanna	BI 1
Teicneolaíocht Faisnéise	Ríomhphoist	Foilseoimid seoladh ríomhphoist tiomanta do cheisteanna i nGaeilge ar an láithreán gréasáin.	BI 1
	Córais ríomhaireachta	Is féidir le córais ríomhaireachta an Údaráis an Ghaeilge a láimhseáil agus déanfaidh aon chóras sa todhchaí mar an gcéanna.	BI 1
	Láithreán Gréasáin	Cuirfear an t-ábhar statach ar na Leathanaigh Baile agus Teagmhála ar an láithreán gréasáin ar fáil go dátheangach. Déanfaidh an tÚdarás tuilleadh cumas dátheangach a fhorbairt go leanúnach agus i gcomhréir le forbairt láithreán gréasáin amach anseo.	BI 1
An Ghaeltacht	Logainmneacha	Bainfidh an tÚdarás úsáid as logainmneacha oifigiúla na gceantar Gaeltachta le haghaidh gnó oifigiúil - atá le fáil ar www.logainm.ie	

Caibidil 5: Cumas Teanga a Fheabhsú

5.1 Earcaíocht

Beidh aird ag polasaí earcaíochta an Údaráis Árachais Sláinte, atá faoi réir an chreata de nósanna imeachta comhaontaithe náisiúnta d'earcaíocht, ar an ngá atá le cumas na Gaeilge a fheabhsú ar bhonn céimnithe.

Cuirfear pacáiste ionduchtaithe ar fáil don fhoireann nua ar fad ina bhfuil cóip dár scéim chomhaontaithe chun a chinntiú go bhfuil siad ar an eolas faoinár ngealltanais faoin reachtaíocht.

5.2 Oiliúint agus Forbairt

Faoi réir an éilimh agus an tsoláthair bhuiséadaigh, déanfaidh an tÚdarás Árachais Sláinte iarracht feabhas a chur ar eolas agus ar scileanna na bhfostaithe agus cinnteoidh sé go dtugtar spreagadh agus deis chomhionann do gach ball foirne d'fhonn a gcumas i nGaeilge a fheabhsú, de réir mar a cheadaíonn acmhainní.

		Gealltanais	Am líne faoi dheireadh BI 1/ BI 2 / BI 3
Cumas na Gaeilge a Fheabhsú	Oiliúint	Spreagadh a thabhairt don fhoireann freastal ar chúrsaí oiliúna chun a gcumas i nGaeilge a fheabhsú	BI 2

Poist Shainithe Ghaeilge

Ag féachaint do bheartas an Rialtais maidir le soláthar feabhsaithe seirbhísí sa Ghaeilge, sainaitheoidh an Roinn, faoi dheireadh chéad bhliain na scéime, aon phoist dá bhfuil inniúlacht sa Ghaeilge ina riachtanas. Déanfar gach iarracht na riachtanais sin a chomhlíonadh faoi dheireadh na scéime, ag féachaint, de réir mar is cuí, do pholasaithe earcaíochta, ardú céime agus oiliúna. Cuirfidh an méid sin ar chumas na Roinne feabhsúchán incriminteach na seirbhísí sa Ghaeilge a phleanáil agus a chur in ord tosaíochta ar bhealach níos straitéisí.

Caibidil 6: Monatóireacht agus Athbhreithniú

Déanfar an Bhainistíocht Shinsearach monatóireacht agus athbhreithniú ar chur i bhfeidhm na scéime seo ar bhonn rialta. Coinneoidh siad athbhreithniú éifeachtach na scéime faoi athbhreithniú, agus déanfaidh Cinn na Rannóige go príomha monatóireacht leanúnach ar sholáthar seirbhísí agus ar leibhéal an éilimh ar sheirbhísí trí Ghaeilge.

Déanfar monatóireacht ar spriocanna luaite a bhaintear amach mar seo a leanas:

- Déanfar litreacha, glaonna teileafóin, iarratais etc a fhaightear i nGaeilge a logáil ionas gur féidir monatóireacht a dhéanamh ar éileamh
- Déanfar taifead ar an leibhéal caiteachais a bhaineann le comhfhreagras, láithreán gréasáin, foilseacháin etc. a aistriú
- Déanfar taifead ar an leibhéal caiteachais a bhaineann le hoiliúint i nGaeilge
- Déanfar taifead ar an leibhéal caiteachas ar fhógraíocht dhátheangach.

Caibidil 7: An Scéim Chomhaontuithe a Phoibliú

Cuirfear a gcuid freagrachtaí maidir le hAcht na dTeangacha Oifigiúla 2003 in iúl do chomhaltaí foirne agus cuirfear treoracha sonracha ar fáil don fhoireann go léir.

Cuirfear ábhar na scéime seo in iúl don phobal i gcoitinne ar na bealaí seo a leanas;

- Láithreán gréasáin an Údaráis
- Leithdháileadh chuig comhaltaí foirne, gníomhaireachtaí cuí agus Comhlachtaí Poiblí.

Is féidir bealaí eile chun poiblíocht a dhéanamh ar an scéim a úsáid chomh maith.

Cuirfear cóip den scéim chomhaontaithe ar aghaidh chuig Oifig an Choimisinéara Teanga.